Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh

GA Sraith L

2024/409

30.1.2024

**PRÓTACAL A GHABHANN LEIS AN GCOMHAONTÚ EORA-MHEÁNMHARA LENA MBUNAÍTEAR COMHLACHAS IDIR NA COMHPHOBAIL EORPACHA AGUS A MBALLSTÁIT, DE PHÁIRT, AGUS POBLACHT ARABACH NA HÉIGIPTE, DEN PHÁIRT EILE, MAIDIR LE CREAT-CHOMHAONTÚ IDIR AN TAONTAS EORPACH AGUS POBLACHT ARABACH NA HÉIGIPTE MAIDIR LEIS NA PRIONSABAIL GHINEARÁLTA I DTACA LE RANNPHÁIRTÍOCHT PHOBLACHT ARABACH NA HÉIGIPTE I GCLÁIR DE CHUID AN AONTAIS**

TÁ AN tAONTAS EORPACH, dá ngairtear 'an tAontas' anseo feasta,

de pháirt,

agus

POBLACHT ARABACH NA hÉIGIPTE, dá ngairtear 'an Éigipt' anseo feasta,

den pháirt eile,

(dá ngairtear 'na Páirtithe' anseo feasta),

DE BHARR AN MHÉID SEO A LEANAS:

(1) An Comhaontú Eora-Mheánmhara lena mbunaítear comhlachas idir na Comhphobail Eorpacha agus a mBallstáit, de pháirt, agus Poblacht Arabach na hÉigipte, den pháirt eile ([1]) (dá ngairtear 'an Comhaontú' anseo feasta), síníodh é i Lucsamburg an 25 Meitheamh 2001 agus tháinig sé i bhfeidhm an 1 Meitheamh 2004.

(2) D'fháiltigh Comhairle Eorpach an 17 agus an 18 Meitheamh 2004 roimh thograí an Choimisiúin Eorpaigh le haghaidh Beartas Comharsanachta Eorpach (BCE) agus d'fhormhuinigh sí conclúidí an 14 Meitheamh 2004 ón gComhairle.

(3) D'fhormhuinigh an Chomhairle, roinnt mhaith uaireanta eile, an beartas sin ina conclúidí.

(4) An 5 Márta 2007, léirigh an Chomhairle tacaíocht don chur chuige ginearálta a leagtar amach sa teachtaireacht ón gCoimisiún Eorpach an 4 Nollaig 2006 chun é a chur ar a gcumas do thíortha comhpháirtíochta BCE bheith rannpháirteach i ngníomhaireachtaí agus cláir áirithe de chuid an Chomhphobail ar bhonn a mbuanna agus i gcás ina gceadaítear sin de réir bunúis dlí.

(5) Chuir an Éigipt in iúl gur mhian léi bheith rannpháirteach i roinnt clár de chuid an Aontais.

(6) Na téarmaí agus coinníollacha sonracha maidir le rannpháirtíocht na hÉigipte i ngach clár ar leith de chuid an Aontais, go háirithe an ranníocaíocht airgeadais atá le híoc ag an Éigipt mar aon le nósanna imeachta tuairiscithe agus meastóireachta, ba cheart iad sin a chinneadh trí chomhaontú idir an Coimisiún Eorpach agus údaráis inniúla na hÉigipte,

TAR ÉIS COMHAONTÚ MAR A LEANAS:

*Airteagal 1*

Beidh cead ag an Éigipt a bheith rannpháirteach sna cláir de chuid an Aontais atá ann faoi láthair, nó a bheidh ann amach anseo, a osclófar do rannpháirtíocht na hÉigipte i gcomhréir leis na forálacha ábhartha lena nglactar na cláir sin.

*Airteagal 2*

Rannchuideoidh an Éigipt, le ranníocaíochtaí airgeadais, leis na cláir ina mbeidh sí rannpháirteach agus leis na costais ghaolmhara bhainistíochta, forghníomhaithe agus oibríochta faoi bhuiséad ginearálta an Aontais.

([1]) IO L 304, 30.9.2004, lch. 39.

*Airteagal 3*

Beidh sé de cheart ag ionadaithe de chuid na hÉigipte a bheith rannpháirteach mar bhreathnóirí sna coistí a rialaíonn feidhmiú na gcumhachtaí cur chun feidhme ag an gCoimisiún i gcláir dá dtugann an Éigipt ranníocaíochtaí airgeadais, gan cearta vótála agus maidir le pointí a bhaineann leis an Éigipt.

*Airteagal 4*

I dtaca le tionscadail agus tionscnaimh arna dtíolacadh ag rannpháirtithe ón Éigipt, agus na cláir lena mbaineann, beidh an Éigipt, a mhéid is féidir, faoi réir na gcoinníollacha, rialacha agus nósanna imeachta céanna a bheidh infheidhme maidir leis an Ballstáit.

*Airteagal 5*

1. Na téarmaí agus coinníollacha sonracha maidir le rannpháirtíocht na hÉigipte i ngach clár ar leith, go háirithe an ranníocaíocht airgeadais a bheadh le híoc ag an Éigipt mar aon le nósanna imeachta tuairiscithe agus meastóireachta, cinnfear iad sin trí chomhaontú idir an Coimisiún Eorpach agus údaráis inniúla na hÉigipte, ar bhonn na gcritéar arna leagan síos ag na cláir lena mbaineann.

2. I gcás ina ndéanfaidh an Éigipt iarratas ar chúnamh seachtrach ón Aontas chun bheith rannpháirteach i gclár áirithe de chuid an Aontais ar bhonn Airteagal 7 de Rialachán (AE) 2021/947 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle [2] nó de bhun aon Rialachán comhchosúil lena ndéanfaí foráil maidir le cúnamh seachtrach ón Aontas don Éigipt a ghlacfaí amach anseo, cinnfear i gcomhaontú maoiniúcháin na coinníollacha maidir le rialú na húsáide a bhainfidh an Éigipt as an gcúnamh seachtrach ón Aontas.

*Airteagal 6*

1. I ngach comhaontú arna thabhairt i gcrích de bhun Airteagal 5, leagfar síos, i gcomhréir le Rialachán (AE, Euratom) 2018/1046 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle [3], go bhfuil an Coimisiún Eorpach, an Oifig Eorpach Frith-Chalaoise agus an Chúirt Iniúchóirí le rialú airgeadais nó iniúchtaí nó fíoruithe eile, lena n-áirítear imscrúduithe riaracháin a dhéanamh, nó go bhfuil siad le déanamh faoina n-údarás.

2. Déanfar forálacha mionsonraithe maidir le rialú airgeadais agus iniúchóireacht, bearta riaracháin, imscrúdú agus ionchúiseamh, pionóis agus athghabháil, lena dtabharfar don Choimisiún Eorpach, don Oifig Eorpach Frith-Chalaoise, d'Oifig an Ionchúisitheora Phoiblí Eorpaigh agus don Chúirt Iniúchóirí cumhachtaí a bheidh coibhéiseach leis na cumhachtaí atá acu maidir le tairbhithe nó conraitheoirí atá bunaithe san Aontas.

*Airteagal 7*

1. Beidh feidhm ag an bPrótacal seo maidir leis an tréimhse a mbeidh an Comhaontú i bhfeidhm.

2. Síneoidh agus formheasfaidh na Páirtithe an Prótacal seo i gcomhréir lena nósanna imeachta inmheánacha faoi seach.

3. Féadfaidh ceachtar den dá Pháirtí an Prótacal seo a shéanadh trí fhógra i scríbhinn a thabhairt don Pháirtí eile.

---

(2) Rialachán (AE) 2021/947 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 9 Meitheamh 2021 lena mbunaítear an Ionstraim um Chomharsanacht, Forbairt agus Comhar Idirnáisiúnta – An Eoraip Dhomhanda, lena leasaítear agus lena n-aisghairtear Cinneadh Uimh. 466/2014/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) 2017/1601 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus Rialachán (CE, Euratom) Uimh. 480/2009 ón gComhairle, (IO L 209, 14.6.2021, lch. 1).

(3) Rialachán (AE, Euratom) 2018/1046 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 18 Iúil 2018 maidir leis na rialacha airgeadais is infheidhme maidir le buiséad ginearálta an Aontais, lena leasaítear Rialacháin (AE) Uimh. 1296/2013, (AE) Uimh. 1301/2013, (AE) Uimh. 1303/2013, (AE) Uimh. 1304/2013, (AE) Uimh. 1309/2013, (AE) Uimh. 1316/2013, (AE) Uimh. 223/2014, (AE) Uimh. 283/2014, agus Cinneadh Uimh. 541/2014/AE agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 966/2012, (IO L 193, 30.7.2018, lch. 1).

4. Tiocfaidh deireadh leis an bPrótacal seo 6 mhí tar éis dáta fógra den chineál sin.

5. Foirceannadh an Phrótacail tar éis séanadh a dhéanfadh aon cheann de na Páirtithe, ní dhéanfaidh an foirceannadh sin aon difear do na seiceálacha agus na rialuithe atá le déanamh i gcomhréir le hAirteagail 5 agus 6.

*Airteagal 8*

Tráth nach déanaí ná 3 bliana tar éis dháta theacht i bhfeidhm an Phrótacail seo, agus gach 3 bliana ina dhiaidh sin, féadfaidh an dá Pháirtí athbhreithniú a dhéanamh ar chur chun feidhme an Phrótacail seo ar bhonn rannpháirtíocht iarbhír na hÉigipte i gcláir de chuid an Aontais.

*Airteagal 9*

Beidh feidhm ag an bPrótacal seo, ar thaobh amháin, maidir leis na críocha ina bhfuil feidhm ag an gConradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh maidir leo agus faoi na coinníollacha a leagtar síos sa Chonradh sin, agus, ar an taobh eile, maidir le críoch na hÉigipte.

*Airteagal 10*

1. Tiocfaidh an Prótacal seo i bhfeidhm an chéad lá den mhí tar éis an dáta a dtabharfaidh na Páirtithe fógra dá chéile gur chuir siad i gcrích na nósanna imeachta dá gcuid féin ba ghá chun é a thabhairt i bhfeidhm. Seolfar na fógraí, i gcás an Aontais Eorpaigh, chuig Ardrúnaíocht Chomhairle an Aontais Eorpaigh agus, i gcás na hÉigipte, chuig Misean Phoblacht Arabach na hÉigipte chuig an Aontas Eorpach.

2. Go dtí go dtiocfaidh sé i bhfeidhm, comhaontaíonn na Páirtithe forálacha an Phrótacail seo a chur i bhfeidhm go sealadach ó dháta a shínithe, faoi réir a thabhairt i gcrích ar dháta níos déanaí.

*Airteagal 11*

Is cuid dhílis den Chomhaontú Eora-Mheánmhara lena mbunaítear comhlachas idir na Comhphobail Eorpacha agus a mBallstáit, de pháirt, agus Poblacht Arabach na hÉigipte, den pháirt eile, an Prótacal seo.

*Airteagal 12*

Tarraingeofar an Prótacal seo suas i ndúblach sa Bhéarla, sa Bhulgáiris, sa Chróitis, sa Danmhairgis, san Eastóinis, san Fhionlainnis, sa Fhraincis, sa Ghaeilge, sa Ghearmáinis, sa Ghréigis, san Iodáilis, sa Laitvis, sa Liotuáinis, sa Mháltais, san Ollainnis, sa Pholainnis, sa Phortaingéilis, sa Rómáinis, sa tSeicis, sa tSlóivéinis, sa tSlóvaicis, sa Spáinnis, sa tSualainnis, agus san Ungáiris, agus gach téacs acu sin ar aon bharántúlacht.

Съставено в Брюксел на двадесет и трети януари две хиляди двадесет и четвърта година.

Hecho en Bruselas, el veintitrés de enero de dos mil veinticuatro.

V Bruselu dne dvacátého třetího ledna dva tisíce dvacet čtyři.

Udfærdiget i Bruxelles den treogtyvende januar to tusind og fireogtyve.

Geschehen zu Brüssel am dreiundzwanzigsten Januar zweitausendvierundzwanzig.

Kahe tuhande kahekümne neljanda aasta jaanuarikuu kahekümne kolmandal päeval Brüsselis.

Έγινε στις Βρυξέλλες, στις είκοσι τρεις Ιανουαρίου δύο χιλιάδες είκοσι τέσσερα.

Done at Brussels on the twenty-third day of January in the year two thousand and twenty four.

Fait à Bruxelles, le vingt-trois janvier deux mille vingt-quatre.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an tríú lá is fiche d'Eanáir sa bhliain dhá mhíle fiche a ceathair.

Sastavljeno u Bruxellesu dvadeset trećeg siječnja godine dvije tisuće dvadeset četvrte.

Fatto a Bruxelles, addì ventitré gennaio duemilaventiquattro.

Briselē, divi tūkstoši divdesmit ceturtā gada divdesmit trešajā janvārī.

Priimta du tūkstančiai dvidešimt ketvirtų metų sausio dvidešimt trečią dieną Briuselyje.

Kelt Brüsszelben, a kétezer-huszonnegyedik év január havának huszonharmadik napján.

Magħmul fi Brussell, fit-tlieta u għoxrin jum ta' Jannar fis-sena elfejn u erbgħa u għoxrin.

Gedaan te Brussel, drieëntwintig januari tweeduizend vierentwintig.

Sporządzono w Brukseli dnia dwudziestego trzeciego stycznia roku dwa tysiące dwudziestego czwartego.

Feito em Bruxelas, em vinte e três de janeiro de dois mil e vinte e quatro.

Întocmit la Bruxelles la douăzeci și trei ianuarie două mii douăzeci și patru.

V Bruseli dvadsiateho tretieho januára dvetisícdvadsaťštyri.

V Bruslju, triindvajsetega januarja dva tisoč štiriindvajset.

Tehty Brysselissä kahdentenakymmenentenäkolmantena päivänä tammikuuta vuonna kaksituhattakaksikymmentäneljä.

Som skedde i Bryssel den tjugotredje januari år tjugohundratjugofyra.

За Европейския съюз
Por la Unión Europea
Za Evropskou unii
For Den Europæiske Union
Für die Europäische Union
Euroopa Liidu nimel
Για την Ευρωπαική Ενωση
For the European Union
Pour l'Union européenne
Thar ceann an Aontais Eorpaigh
Za Europsku uniju
Per l'Unione europea
Eiropas Savienības vārdā –
Europos Sąjungos vardu
Az Európai Unió részéről
Għall-Unjoni Ewropea
Voor de Europese Unie
W imieniu Unii Europejskiej
Pela União Europeia
Pentru Uniunea Europeană
Za Európsku úniu
Za Evropsko unijo
Euroopan unionin puolesta
För Europeiska unionen

За Арабска република Египет
Por la República Árabe de Egipto
Za Egyptskou arabskou republiku
For Den Arabiske Republik Egypten
Für die Arabische Republik Ägypten
Egiptuse Araabia Vabariigi nimel
Για την Αραβική Δημοκρατία της Αιγύπτου
For the Arab Republic of Egypt
Pour la République arabe d'Égypte
Thar ceann Phoblacht Arabach na hÉigipte
Za Arapsku Republiku Egipat
Per la Repubblica araba d'Egitto
Ēģiptes Arābu Republikas vārdā —
Egipto Arabų Respublikos vardu
Az Egyiptomi Arab Köztársaság részéről
Għar-Repubblika Għarbija tal-Eġittu
Voor de Arabische Republiek Egypte
W imieniu Arabskiej Republiki Egiptu
Pela República Árabe do Egito
Pentru Republica Arabă Egipt
Za Egyptskú arabskú republiku
Za Arabsko republiko Egipt
Egyptin arabitasavallan puolesta
För Arabrepubliken Egypten